Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Aibreán 2018
(OR. en)

8217/18

**Comhad Idirinstitiúideach:
2016/0231 (COD)**

**CODEC 608
CLIMA 67
ENV 245
ENER 124
TRANS 160
AGRI 186
COMPET 240
ECOFIN 350**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide chun na gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 22 Iúil 2016, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite[1], atá bunaithe ar Airteagal 192(1) CFAE, chuig an gComhairle, .

2. Thug an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta a thuairim uaidh ar an 10 Márta 2017[2]. D'eisigh Coiste na Réigiún a thuairim an 17 Lúnasa 2017[3].

1 11483/16.
2 IO C 75, 10.3.2017, lch. 103.
3 IO C 272, 17.8.2017, lch. 36.

3. Ar an 17 Aibreán 2018, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air, agus dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[4].

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a dheimhniú go gcomhaontaíonn sé leis an méid sin agus iarrtar air an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

- an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 3/18 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus toscaireacht na Polainne agus na Laitvia ag staonadh agus toscaireacht na Liotuáine agus Mhálta ag vótáil ina choinne;
- a chinneadh go ndéanfar na ráitis atá san aguisín a ghabhann leis an nóta seo a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[4] 8050/18.